

BAINISTEOIR OIDEACHAIS FRITHDHÓPÁLA GRÁD ARDOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

Cuspóir an Phoist

Tá an Bainisteoir Oideachais Frithdhópála freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis oideachais agus taighde don Aonad Frithdhópála a bhainistiú i gcomhréir le Straitéis Spórt Éireann, leis na rialachán Frithdhópála Náisiúnta & Idirnáisiúnta agus leis an gclár Luachanna i Spórt de chuid Spórt Éireann.

Ag Tuairisciú Do: Stúirthóir Frithdhópála & Eitice

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

- Clár Oideachais Frithdhópála an Aonaid Frithdhópála a threorú de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Oideachais na Gníomhaireachta Frithdhópála Domhanda. Áireofar leis seo forbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus meastóireacht ar phlean Oideachais Frithdhópála Spórt Éireann.
- Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt a bhainistiú agus cabhrú leo lena straitéisí Oideachais Frithdhópála agus lena gcuid riachtanas oideachais frithdhópála faoin gCód Domhanda Frithdhópála agus Caighdeán Idirnáisiúnta Oideachais.
- Bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an tionscadail Luachanna i Spórt laistigh de chuid Spórt Éireann, lena n-áirítear sraith acmhainní oideachais a fhorbairt do Spórt Bunaithe ar Luachanna agus do Chinnteoireacht Eiticiúil sa Spórt.
- Bainistiú a dhéanamh ar an Chóras Bainistíochta Foghlama Frithdhópála agus ar láithreán gréasáin agus feidhmchláir Seiceálaí Cógais Spórt Éireann.
- Bainistiú a dhéanamh ar líonra Teagascóirí Oideachais Frithdhópála an NGB, lena n-áirítear cothabháil agus forbairt ghairmiúil leanúnach, agus meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an líonra.
- Sraith acmhainní oideachais le haghaidh oideachas frithdhópála agus beartais agus doiciméid faisnéise eile a bhainistiú. Áireofar leis seo láithreán gréasáin Spórt Éireann, Athbhreithniú Bliantúil Frithdhópála agus beartais oideachais ghaolmhara, e.g. Beartas Forlíonta agus Bianna Spóirt.
- A áirithiú go gcoinnítear eolas frithdhópála cothrom le dáta agus ábhartha trí fhreastal ar aon seimineáir oideachais Náisiúnta nó Idirnáisiúnta iomchuí nuair is gá, chun a áirithiú gur clár ceannródaíoch den scoth é clár oideachais Spórt Éireann.
- A áirithiú go bhfuil Spórt Éireann suite mar an sainghníomhaireacht ina ról chun oideachas frithdhópála do spóirt in Éirinn a threorú, a fhorbairt agus a chur chun cinn.
- Cur le tionscadail taighde agus iad a threorú nuair is gá, ar leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.

- Cuidiú le hullmhú nuashonruithe don Bhord Spórt Éireann agus don Choiste Frithdhópála.
- Tras-chomhoibriú le hAonaid eile laistigh de Spórt Éireann maidir le cláir oiliúna agus oideachais, de réir mar is gá.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus áireofar sa ról aon dualgais a theastaíonn ó Spórt Éireann ó am go ham atá oiriúnach don phost agus do riachtanais na heagraíochta.

Sonraíocht Duine:

Riachtanach: Cáilíochtaí, Taithí, Eolas, Scileanna agus Cumais

- Ní mór cáilíocht ábhartha tríú leibhéal a bheith agat
- Ní mór taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad a bheith agat roimhe seo ag obair i ról oideachais & oiliúna/foghlama agus forbartha
- Ní mór taithí ghairmiúil ábhartha a bheith agat roimhe seo i ndearadh, i seachadadh agus i meastóireacht ar chláir oideachais nó foghlama (ar líne, sa seomra ranga nó measctha)
- Ní mór taithí a bheith agat roimhe seo ar Chóras Bainistíochta Foghlama a riar
- Ní mór scileanna idirphearsanta den scoth a bheith agat agus an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara éagsúla
- Ní mór duit a bheith in ann faisnéis a chur i láthair ó bhéal ar bhealach soiléir, gonta agus muiníneach agus ní mór scileanna scríofa den scoth a bheith agat, agus cuntas teiste cruthaithe agat maidir le tuarascálacha scríofa ar ardchaighdeán a tháirgeadh
- Ní mór duit a bheith inniúil ar ríomhairí in MS Office
- Ní mór eolas ábhartha a bheith agat ar an timpeallacht spóirt in Éirinn
- Ní mór cumas cruthaithe a bheith agat ag obair go héifeachtach mar chuid d'fhoireann agus as do stuaim féin nuair is gá
- Ní mór taithí a bheith agat ar thionscadail agus cláir a bhainistiú go héifeachtach in am agus laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe bhuiséid
- Ní mór duit a bheith an-éifeachtach, dírithe ar thorthaí a bhaint amach, agus aird ghéar a thabhairt ar mhionsonraí agus ar ardchaighdeáin i ngach gníomhaíocht ghnó
- Ní mór duit a bheith in ann caidrimh ghnó atá sláintiúil, éifeachtach agus measúil go frithpháirteach a fhorbairt agus a chothabháil leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir

Inmhianaithe: Cáilíochtaí, Taithí, Eolas, Scileanna agus Cumais

- Taithí ghairmiúil ábhartha roimhe seo ag obair sa réimse frithdhópála
- Eolas ar Spórt Bunaithe ar Luachanna agus ar na dúshláin eiticíúla níos leithne sa spórt
- Eolas ar obair an Aonaid Frithdhópála i Spórt Éireann
- An cumas a bheith discreideach agus saincheisteanna íogaire agus rúnda a láimhseáil de réir mar is gá
- An cumas ciall agus loighic a thaispeáint go héifeachtach de réir mar is gá
- Eolas ar dhea-chleachtas, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nua i réimse an oideachais, na hoiliúna, na foghlama agus na forbartha



Faisnéis Bhreise:

Conradh: Lánaimseartha, buan

Scála Tuarastail: Scála Caighdeánach AOF. Déanfar an ceapachán ar an scála seo ag pointe atá ag teacht le Beartas Pá reatha an Rialtais. Tosaíonn iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe scála.

Suíomh: Spórt Éireann, Campas Náisiúnta Spóirt, Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

Is fostóir comhdheiseanna é Spórt Éireann.